2026/524

12.3.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/524 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Márta 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834 a mhéid a bhaineann le praghsanna ionadaíocha a shocrú san earnáil feola éanlaithe clóis agus san earnáil uibheacha agus i gcás ubh-albaimine agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann le taraifchuótaí ar allmhairí a riar i gcomhréir leis an bprionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce', agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1484/95

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 182(1) agus (4), agus Airteagal 187 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos rialacha mionsonraithe chun córas na ndleachtanna allmhairiúcháin breise a chur chun feidhme san earnáil feola éanlaithe clóis agus san earnáil uibheacha agus i gcás ubh-albaimine, agus bunaítear an modh chun praghsanna ionadaíocha a shocrú.

(2) Ar mhaithe le feabhas a chur ar chomhleanúnachas, ar thrédhearcacht agus ar inrochtaineacht dhlí an Aontais, agus i gcomhréir le cuspóirí na rialála níos fearr, is iomchuí an creat rialála a chuíchóiriú trí fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 a chomhtháthú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834 ón gCoimisiún ([3]). Tá sé d'aidhm ag an gcur chuige sin an líon foriomlán gníomhartha dlí atá i bhfeidhm a laghdú, deireadh a chur le forluí, agus a áirithiú go gcuirfear rialacha an Aontais i bhfeidhm ar bhealach níos comhsheasmhaí ar fud na n-earnálacha. Trí fhorálacha earnáilsonracha a ionchorprú i gcreat cothrománach, rannchuidítear le simpliú agus cuíchóiriú an *acquis*, agus cearta agus oibleagáidí substainteacha na bpáirtithe leasmhara á gcaomhnú agus leanúnachas agus deimhneacht dhlíthiúil á n-áirithiú an tráth céanna.

(3) Le linn Bhabhta Uragua den chaibidlíocht iltaobhach trádála, osclaíodh taraifchuóta ar mhairteoil reoite. Roinneadh an cuóta ina dhá chuid agus sainmhínithe éagsúla ar gach páirt, páirt le haghaidh mairteoil reoite atá beartaithe lena próiseáil mar tháirgí A agus páirt eile le haghaidh mairteoil reoite atá beartaithe lena próiseáil mar tháirgí B. Sainíodh an cóimheas idir cion uisce/próitéine tháirgí B ar dtús i Rialachán (CE) Uimh. 1977/95 ón gCoimisiún ([4]). Coimeádadh an cóimheas uisce/próitéine sin sa sainmhíniú ar tháirgí B ach scríobhadh ar bhealach éagsúil é sna rialacháin a tháinig i gcomharbas ar an Rialachán sin.

(4) Is iomchuí, dá bhrí sin, an cóimheas ceart a shoiléiriú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún ([5]).

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 1995 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le córas na ndleachtanna allmhairiúcháin breise a chur chun feidhme, agus maidir le praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnálacha na feola éanlaithe clóis agus na n-uibheacha agus i gcás ubh-albaimine, agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 163/67/CEE (IO L 145, 29.6.1995, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/1484/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hallmhairí sna hearnálacha ríse, gránach, siúcra agus leannlusanna (IO L, 2023/2834, 21.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2834/oj).

([4]) IO L 191, 12.8.1995, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/1977/oj.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le taraifchuótaí ar allmhairí a riar i gcomhréir leis an bprionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce' (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1988/oj).

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834 agus (AE) 2020/1988 a leasú dá réir sin.

(6) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 a aisghairm.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hallmhairí sna hearnálacha ríse, gránach, siúcra, leannlusanna, feola éanlaithe clóis agus uibheacha, agus ubh-albaimine';

(2) cuirtear isteach an Caibidil 4a seo a leanas:

'CAIBIDIL 4a

FEOIL ÉANLAITHE CLÓIS AGUS UIBHEACHA AGUS UBH-ALBAIMIN

Airteagal -43a

Dleachtanna allmhairiúcháin

1. Na dleachtanna allmhairiúcháin breise dá dtagraítear in Airteagal 182 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), dá ngairtear 'dleachtanna breise' anseo feasta, cuirfear i bhfeidhm iad maidir leis na táirgí a thagann faoi réim na gcód AC a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán seo a bhfuil praghsanna ionadaíocha socraithe ina leith i gcomhréir le hAirteagal -43b.

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán seo na truicearphraghsanna comhfhreagracha dá dtagraítear in Airteagal 182(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus in Airteagal 5(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 510/2014.

Airteagal -43c

Forálacha maidir le cruthúnais, ráthaíocht, scaoileadh ráthaíochta agus aisghabháil dleachtanna allmhairiúcháin

1. Déanfar an dleacht bhreise le haghaidh feoil éanlaithe clóis agus uibheacha agus ubh-albaimine a bhunú ar bhonn phraghas allmhairiúcháin costais, árachais agus last-táille (CAL) na coinsíneachta i gceist i gcomhréir le hAirteagal -43d.

2. Nuair atá an praghas allmhairiúcháin CAL in aghaidh 100 kg coinsíneachta níos airde ná an praghas ionadaíoch is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal -43b(1), cuirfidh an t-allmhaireoir na cruthúnais seo a leanas ar a laghad faoi bhráid údaráis inniúla an Bhallstáit allmhairiúcháin:

(a) conradh ceannaigh na coinsíneachta, nó aon doiciméad coibhéiseach eile;

(b) conradh árachais na coinsíneachta;

(c) sonrasc na coinsíneachta;

(d) deimhniú tionscnaimh na coinsíneachta (i gcás inarb infheidhme);

(e) conradh iompair na coinsíneachta;

(f) agus, i gcás muiriompair, bille luchta na coinsíneachta.

3. Sa chás dá dtagraítear i mír 2, soláthróidh an t-allmhaireoir ráthaíocht dá dtagraítear in Airteagail 89, 90 agus 195 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, ráthaíocht atá cothrom leis an difríocht idir méid na dleachta allmhairiúcháin breise a ríomhtar ar bhonn an phraghais ionadaíoch is infheidhme maidir leis an táirge i gceist agus méid na dleachta allmhairiúcháin breise a ríomhtar ar bhonn phraghas allmhairiúcháin CAL na coinsíneachta i gceist.

4. Beidh 2 mhí ag an allmhaireoir ó dhíol na dtáirgí i gceist, faoi réir teorainn 9 mí ó dháta glactha an dearbhaithe maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht, chun a chruthú gur diúscraíodh an choinsíneacht faoi choinníollacha lena ndeimhnítear cruinneas na bpraghsanna dá dtagraítear i mír 2. Mura gcomhlíonfar ceachtar de na sprioc-amanna sin, caillfear an ráthaíocht a taisceadh. Mar sin féin, féadfaidh na húdaráis inniúla síneadh 3 mhí ar a mhéad a chur leis an teorainn ama 9 mí arna iarraidh sin don allmhaireoir, agus ní mór bunús cuí a bheith leis an síneadh sin.

Taiscfear an ráthaíocht a soláthraíodh a mhéid a sholáthrófar cruthúnas ar choinníollacha na diúscartha chun sástacht na n-údarás custaim. Ina mhalairt de chás, forghéillfear an ráthaíocht trí bhíthin íocaíocht na ndleachtanna breise.

5. Má shuíonn na húdaráis inniúla, tráth an fhíorúcháin, nár comhlíonadh ceanglais an Airteagail seo, aisghabhfaidh siad an dleacht dlite i gcomhréir le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Le méid na dleachta atá le haisghabháil nó atá fós le haisghabháil cuimseofar an t-ús ón dáta a scaoileadh na táirgí i saorchúrsaíocht suas le dáta na haisghabhála. Is é an ráta úis a chuirfear i bhfeidhm an ráta úis atá i bhfeidhm le haghaidh oibríochtaí aisghabhála faoin dlí náisiúnta.

Airteagal -43d

Ríomh na dleachta allmhairiúcháin breise dá dtagraítear in Airteagal -43a

Má tá an difríocht idir an truicearphraghas i gceist dá dtagraítear in Airteagal -43a(2) agus praghas allmhairiúcháin CAL na coinsíneachta i gceist:

(a) níos lú ná 10 % nó cothrom le 10 % den truicearphraghas, ní fhorchuirfear aon dleacht bhreise;

(b) níos mó ná 10 % ach níos lú ná 40 % nó cothrom le 40 % den truicearphraghas, beidh an dleacht bhreise cothrom le 30 % den difríocht atá os cionn 10 %;

(c) níos mó ná 40 % ach níos lú ná 60 % nó cothrom le 60 % den truicearphraghas, beidh an dleacht bhreise cothrom le 50 % den difríocht atá os cionn 40 %, móide an dleacht bhreise a cheadaítear faoi phointe (b);

(d) níos mó ná 60 % ach níos lú ná 75 % nó cothrom le 75 %, beidh an dleacht bhreise cothrom le 70 % den difríocht atá os cionn 60 % den truicearphraghas, móide na dleachtanna breise a cheadaítear faoi phointí (b) agus (c);

(e) níos mó ná 75 % den truicearphraghas, beidh an dleacht bhreise cothrom le 90 % den difríocht atá os cionn 75 %, móide na dleachtanna breise a cheadaítear faoi phointí (b), (c) agus (d).

Airteagal -43e

Díolúine ó dhleachtanna breise

Ní bheidh feidhm ag na dleachtanna breise i gcás allmhairí faoi Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 (**) agus (AE) 2020/1988 (***) ón gCoimisiún.

_____

(*) Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1216/2009 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 614/2009 ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/510/oj).

(**) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraifchuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/761/oj).

(***) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le taraifchuótaí ar allmhairí a riar i gcomhréir leis an bprionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce' (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1988/oj).';

(3) cuirtear isteach Iarscríbhinn XVII nua, a leagtar a téacs amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988

In Airteagal 18 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Chun críocha an Rialacháin seo, ciallóidh 'táirge B' laistigh de na taraifchuótaí faoi na sraithuimhreacha 09.0163 agus 09.0164 táirge próiseáilte ina bhfuil mairteoil, seachas na táirgí a shonraítear i bpointe (a) de Chuid XV d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nó na táirgí dá dtagraítear faoi mhír 1 den Airteagal seo. Táirge próiseáilte a thagann faoi réim an chóid AC 0210 20 90, atá triomaithe nó deataithe ionas go mbeidh dath agus raimhre na feola úire imithe go hiomlán agus nach mó a gcóimheas uisce/próitéine ná 3,2:1, is táirge B a bheidh ann freisin.'.

Airteagal 3

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1484/95.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN XVII

Liosta táirgí agus truicearphraghsanna dá dtagraítear in Airteagal -43a

Cód AC	Truicearphraghas EUR/100 kg
0105 11 11	8 588,0
0105 11 19	8 588,0
0105 11 91	8 588,0
0105 11 99	588,0
0105 12 00 0105 19 20	3 242,3
0105 19 90	14 525,0
0105 92 00 0105 93 00	55,8
0105 99 10	115,1
0105 99 20	185,9
0105 99 30	147,8
0105 99 50	133,3
0207 11 10	142,3
0207 11 30	100,2
0207 11 90	128,5
0207 24 10	170,0
0207 24 90	250,0
0207 32 11	158,8
0207 32 15	185,1
0207 32 19	173,5
0207 32 51	207,1
0207 32 59	257,3
0207 32 90	173,2
0207 12 10	98,8
0207 12 90	131,2
0207 25 10	177,7
0207 25 90	179,8
0207 33 11	170,1
0207 33 19	167,9
0207 33 51	200,0
0207 33 59	248,2
0207 33 90	204,5
0207 13 10	339,8
0207 13 20	100,0
0207 13 30	180,0

Cód AC	Truicearphraghas EUR/100 kg
0207 13 50	227,1
0207 13 60	158,1
0207 13 70	310,7
0207 13 99	100,0
0207 26 10	339,0
0207 26 20	342,3
0207 26 50	279,9
0207 26 60	142,9
0207 26 70	177,8
0207 26 80	200,0
0207 26 99	216,7
0207 35 11	435,3
0207 35 15	423,2
0207 35 23	133,3
0207 35 31	100,0
0207 35 41	78,3
0207 35 51	463,4
0207 35 53	331,9
0207 35 61	309,7
0207 35 63	164,2
0207 14 10	333,5
0207 14 20	251,1
0207 14 30	97,5
0207 14 40	80,0
0207 14 50	235,7
0207 14 60	158,9
0207 14 70	316,6
0207 14 99	143,4
0207 27 10	329,9
0207 27 20	337,8
0207 27 40	80,8
0207 27 50	280,0
0207 27 60	111,1
0207 27 70	172,7
0207 27 80	233,3
0207 27 99	131,3
0207 36 11	465,3
0207 36 15	354,5
0207 36 21	100,0

Cód AC	Truicearphraghas EUR/100 kg
0207 36 23	133,3
0207 36 31	107,8
0207 36 41	81,1
0207 36 51	432,4
0207 36 53	308,3
0207 36 61	309,7
0207 36 63	166,0
0207 36 71	234,5
0207 36 79	500,0
0207 36 90	163,2
0209 00 90	135,8
1602 32 11 1602 39 21	318,6
0407 00 11	935,9
0407 00 19	743,6
0407 00 30	52,7
0408 11 80	343,3
0408 19 81	69,6
0408 19 89	111,9
0408 91 80	271,4
0408 99 80	59,7
3502 11 90	521,5
3502 19 90	51,7’